

Buntéacs

Is in oifigí an Ghúim i mBaile Átha Cliath atá bunlámhscríbhinn Fhoclóir Mháirtín Uí Chadhain. Is bunlámhscríbhinn í a bhfuil dornán bileog imithe amú aisti in imeacht na mblianta. Is mó ábhar a sheol Ó Cadhain chuig an nGúm ná atá anois ann¹ agus is mó bileoga atá sa bhfótachóip de atá ag an Acadamh ná a bhfuil fanta anois i dtaisce an Ghúim. Fágann sin gur san Acadamh atá an chóip is iomláine den bhunlámhscríbhinn anois.

Is i dtús na n-ochtóidí a rinneadh fótachóip an Acadaimh den bhunlámhscríbhinn. Ceanglaíodh i seacht leabhar déag ar cóipeáladh agus cuireadh uimhriú ó 1–2564 ar bhileoga sé leabhar déag díobh. Uimhriú eile ar fad (1071–1237) atá ar an seachtú leabhar déag ar ceannfhocail dar tús I, L agus P atá ann. Is i gclúdach litreach uathu féin, seachas ina mbeart i dteannta an chuid eile den saothar, atá bunbhileoga an leabhair seo stóráilte sa nGúm agus thioctadh sé nár cóipeáladh iad san am céanna leis an gcuid eile den saothar.

Ceadaíodh an bhunlámhscríbhinn sa nGúm sa mbliain 2018 lena chinntiú go raibh cóip de chuile bhileog de i gcóip an Acadaimh. Ba ansiúd a tugadh faoi deara go raibh riar den bhunlámhscríbhinn imithe amú ón uair a rinneadh an chóip agus ar facthas go raibh naoi mbileog sa mbunlámhscríbhinn nár cóipeáladh. Tógadh pictiúir de na bileoga sin; priontáladh iad; agus cuireadh ina n-ionad cuí sa gcóip iad agus na huimhreacha nua 752x, 753x, 793x, 800x, 806x, 820x, 821x, 1235x, 2007x buailte orthu. Fuarthas dhá bhileog eile den saothar sa bhfótachóip easnamhach de atá i gCartlann na gCanúintí in UCD.² Rinneadh cóip díobh sin chomh maith agus is ionann iad anois agus bileoga 360x agus 386 i gcóip an Acadaimh.

Leanann ord bileog chóip an Acadaimh go dílis ord bileog na bunlámhscríbhinne. Is ionann sin agus an t-ord a chuir eagarthóirí an Ghúim ar an téacs agus sraitheanna di á seoladh chucu ag Ó Cadhain idir na blianta 1937 agus 1946. De réir chuntas Uí Chadhain féin ar ar sheol sé de cheannfhocail dar tús D,³ ba tuairim is 100 bileog a bhíodh i chuile shraith a sheol sé. Ní bhíodh na ceannfhocail in ord aibítreach aige sna sraitheanna agus is léir gurbh é iarracht an Ghúim an t-ábhar a chur in ord is cionsiocair le ord na mbileog a bheith mar atá. B'iarracht í a chuir leanúnachas an téacs féin as a riocht óir tá cuid mhaith bileog san ionad mícheart anois.

Cuirtear an trascriobh bunaidh a rinneadh de chóip an Acadaimh den fhoclóir ar fáil do chách anseo. Is ionann bileog den trascribhinn agus bileog dá heiseamláir agus tá líon línte a mbileog ar aon dul. Cuireann téacs a bhfuil na comharthaí { } ina thimpeall i gcéill go bhfuil sé doiléir san eiseamláir agus gur tuairim eagarthóra a bhfuil breactha eatarthu. Cuireann {?} i gcéill go bhfuil an chuid sin den eiseamláir doléite ar fad, nó ar iarraidh, agus nach féidir tuairim cheart a thabhairt faoi. Coinníodh sa trascribhinn na lúibíní cearnacha a chuir eagarthóirí i dtimpeall riar samplaí úsáide san eiseamláir in imeacht na mblianta, ach fágadh gan trascriobh aon nóta imill dar bhreac siad agus aon uimhriú eile atá san eiseamláir seachas an córas uimhrithe a pléadh thuas. Níor cuireadh d'athrú suntasach eile ar théacs na heiseamláire sa trascribhinn ach agus a dhéanamh de 7, agus ord na mbileog a leasú san áit ar dual sin do leanúnachas an téacs. Fágann sin go bhfuil uimhriú na trascribhinne as riocht ach go léiríonn sé ord dílis na bunlámhscríbhinne.

¹ MS 10878, M/3/40-42, Páipéir Mháirtín Uí Chadhain, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

² B 02, Foclóir Gaeilge-Gaeilge, Cartlann na gCanúintí, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath.

³ MS 10878, M/3/40-42, Páipéir Mháirtín Uí Chadhain, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.